# Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

# Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003
# Scéim Teanga
# 2018 – 2021

16 – 22 Sráid na Faiche, Baile Átha Cliath 7, D07 CR20

**G** (01) 858 9601 | **F** (01) 858 9609 | **R** info@ihrec.ie | www.ihrec.ie

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission

# Clár

**Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra** **3**

1.1 Réamhrá 3

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime 3

1.3 Dáta Tosaithe na Scéime 4

**Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas** **5**

2.1 Misean agus Aidhmeanna 5

*Faoin gCoimisiún* *5*
*Fís* *5*
*Misean* *6*

2.2 Príomhfheidhmeanna 6

2.3 Príomhsheirbhísí 6

2.4 Custaiméirí agus Cliaint 6

**Caibidil 3: Sonraí Seirbhísí ar fáil i mBéarla amháin, i nGaeilge amháin nó go dátheangach** **7**

**Caibidil 4: Ag Feabhsú Soláthair Seirbhísí i nGaeilge** **8**

**Caibidil 5: Ag Feabhsú Inniúlacht sa Ghaeilge** **14**

5.1 Earcaíocht 14

5.2 Oiliúint agus Forbairt 14

5.3 Inniúlacht sa Ghaeilge 15

**Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú** **16**

**Caibidil 7: Poibliú na Scéime Comhaontaithe** **17**

# Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

## 1.1 Réamhrá

Forálann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 d'ullmhú scéim teanga ag comhlachtaí poiblí ag tabhairt mionsonraí faoi na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil an comhlacht ag soláthar trí mheán na Gaeilge a sholáthar laistigh de fhráma ama comhaontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, fanann scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe, cibé acu is déanaí, ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

## 1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Tá aird mar is cuí tugtha ar na Treoirlínte a d'eisigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an scéim seo á hullmhú. Ina theannta sin, tugadh faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara uile.

Tá Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas á threorú ag an bprionsabal gur cheart go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar:

- an leibhéal bunúsach éilimh ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i soláthar seirbhísí dá leithéid, agus
- acmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas an chomhlachta an cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó a rochtain.

Tá an scéim seo curtha le chéile leis an aidhm go gcomhlíonfaí gach oibleagáid ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla atá ar Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ar bhonn céimnithe, tríd an scéim seo agus trí scéimeanna amach anseo.

## 1.3 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an Scéim seo daingnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tosaíonn sí le héifeacht ó 01 Bealtaine 2018 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim eile daingnithe, cibé acu is déanaí.

# Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

## 2.1 Misean agus Aidhmeanna

**Faoin gCoimisiún**

Is é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (an Coimisiún) foras náisiúnta na hÉireann um chearta an duine agus um an gcomhionannas. Is é an cuspóir atá againn cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn agus cultúr measa ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha sa Stát.

Bunaíodh an Coimisiún ar 01 Samhain 2014, mar chomhlacht poiblí neamhspleách le sainordú faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 (an tAcht fán gCoimisiún, 2014). Tugtar réimse cumhachtaí reachtúla don Choimisiún faoin Acht fán gCoimisiún, 2014 chun cearta an duine agus comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn.

Sonraítear san Acht fán gCoimisiún, 2014 go gcuimseofar sa Choimisiún líon nach mó ná 15 chomhalta agus nach lú ná 12 chomhalta, agus go mbeidh Príomh-Choimisinéir an Choimisiúin ar dhuine de na comhaltaí sin. Ceapadh forálacha an Achta fán gCoimisiún, 2014 chun neamhspleáchas an Choimisiúin ina chuid oibre a chinntiú. Ceapann an Ceann Stáit, an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn comhaltaí an Choimisiúin, i ndiaidh rún in dhá Theach an Oireachtais agus cinneann na comhaltaí beartas agus gníomhaíocht an Choimisiúin go neamhspleách.

Aithníodh neamhspleáchas an Choimisiúin, de réir Phrionsabail Pháras, lena chreidiúnú mar stádas “A” mar Institiúid Náisiúnta um Chearta an Duine leis na Náisiúin Aontaithe.

**Fís**

Éire chuimsitheach ina léirítear meas ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas, ina gcuirtear chun cinn iad agus ina mbaintear amach iad do gach duine, i ngach áit.

**Misean**

Sochaí cothrom agus chuimsitheach a thógáil a chosnaíonn cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn agus a chuireann chun cinn iad.

## 2.2 Príomhfheidhmeanna

Leagtar amach in alt 10 (1) den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 feidhmeanna foriomlána an Choimisiúin, eadhon:

- cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn agus a chosaint,
- cultúr measa ar chearta an duine, comhionannas, agus tuiscint idirchultúrtha sa Stát a spreagadh agus a fhorbairt,
- tuiscint agus feasacht ar thábhacht chearta an duine agus comhionannais sa Stát,
- dea-chleachtas a spreagadh i gcaidreamh idirchultúrtha, chun caoinfhulaingt agus glacadh le héagsúlacht a chur chun cinn sa Stát mar aon le meas ar shaoirse agus dínit gach duine, agus
- oibriú i dtreo mí-úsáid a bhaint as cearta an duine, idirdhealú agus iompar toirmiscthe a dhíbirt.

Leagtar amach in alt 10(2) den Acht réimse leathan feidhmeanna agus cumhachtaí sonracha trínar féidir leis an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar shainordú foriomlán.

## 2.3 Príomhsheirbhísí

- Seirbhís Eolais Do Chearta

## 2.4 Custaiméirí agus Cliaint

Is féidir leis an seirbhís Do Chearta eolas a thabhairt don phobail, faoi chearta agus réitigh atá ar fáil faoin dlí um chomhionannas agus cearta an duine in Éirinn. Áirítear leis sin eolas faoi idirdhealú san áit oibre, idirdhealú maidir le hearraí agus le seirbhísí, idirdhealú maidir le hoideachas agus cosaintí ar chearta an duine a thagann faoi dhlí na hÉireann.

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission

# Caibidil 3: Sonraí Seirbhísí ar fáil i mBéarla amháin, i nGaeilge amháin nó go dátheangach

| Soláthar Seirbhísí ar fáil | | | |
|---|---|---|---|
| **Ainm na Seirbhíse** | **Seirbhísí i mBéarla amháin** | **Seirbhísí i nGaeilge amháin** | **Go dátheangach** |
| Líne Theileafóin | | | X |
| Seirbhís Eolais Do Chearta | X | | |
| Fáiltiú | X | | |
| Cúnamh Dlí | X | | |
| Seirbhísí Corparáideacha | | | X |
| Láithreán Gréasáin (www.ihrec.ie) | | | Tá an chuid is mó d'inneachar an láithreáin i mBéarla faoi láthair. Tá roinnt inneachar áirithe ar fáil i nGaeilge freisin. |
| Comhfhreagras a admháil agus freagairt orthu | | | X |
| Comhairliúcháin Poiblí | X | | |
| Ceardlanna agus Traenáil a chur ar fáil | X | | |
| For-rochtain do pháirtithe leasmhara | X | | |
| Tuairiscí Beartais | X | | |
| Ráiteas Straitéise | | | X |
| Tuarascáil Bhliantúil | | | X |
| Preaseisiúintí | X | | |

# Caibidil 4: Ag Feabhsú Soláthair Seirbhísí i nGaeilge

| Modh Cumarsáide leis an bPobal | | Gealltanas | |
|---|---|---|---|
| **Fógraí Réamhthaifeadta ó Bhéal** | | Beidh na fógraí réamhthaifeadta seo a leanas i nGaeilge nó go dátheangach:<br>**(a)** Cuirfear fógraí taifeadta ó bhéal ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach ar an nguthán nuair atá ár n-oifigí dúnta;<br>**(b)** Cuirfear fógraí taifeadta ó bhéal a chraoltar ar chóras fógartha poiblí ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach;<br>**(c)** Cuirfear fógraí ó bhéal a chruthaítear agus a chraoltar trí chóras ríomhtheachtaireactha nó trí chóras ríomhfhreagartha gutháin ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.<br>Tabhair faoi deara gur fógairtí 'taifeadta' seachas fógairtí 'beo' a bhaineann le hábhar anseo.<br>Sa chás go bhfuil Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, úsáidfear an leagan Gaeilge den Logainm atá sonraithe san Ordú sin i bhfógraí taifeadta ó bhéal a dhéanann comhlacht poiblí nó a dhéantar ar a shon. | **Éigeantach** |
| **Cumarsáid i Scríbhinn** | **Litreacha agus Post Leictreonach** | Tabharfar freagra ar an gcumarsáid scríofa uile sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í. | **Éigeantach** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **Stáiseanóireacht** | Ceannteidil ar stáiseanóireacht áirithe ar a n-áirítear nóta-pháipéar, duillíní dea-mhéine, leatháin chlúdaigh facs, clúdaigh comhad agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach. | **Éigeantach** |
| **Comharthaí** | **Comharthaí** | Ní mór an chomharthaíocht uilig a chuireann an Coimisiún in airde nó a chuirtear in airde thar a cheann a bheith i nGaeilge nó dátheangach, faoi réir na rialachán (I.R. Uimh 391/2008). | **Éigeantach** |
| **Foilseacháin** | **Foilseacháin** | Foilseofar cáipéisí ina leagtar amach tograí polasaí poiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna. | **Éigeantach** |
| | **Ciorcláin/Cora Poist** | I gcás ina ndéanfaidh comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid | **Éigeantach** |
| **An Ghaeltacht** | **Logainmneacha Gaeltachta** | Bainfear úsáid as Logainmneacha Oifigiúla na gceantar Gaeltachta de réir na reachtaíochta. | **Éigeantach** |

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission

Seo a leanas liosta gníomhartha molta ag an Coimisiún faoi gach seirbhís.

| Modh Cumarsáide leis an bPobal | | Gealltanas | Amlíne Laistigh de Bl.1/ Bl.2/ Bl.3 |
|---|---|---|---|
| Cumarsáid ó Bhéal/Scríbhinn | **Fáiltiú** | Cuirfear liosta ar fáil de na baill foirne siúd ar féidir leo seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge. | **Faoi Dheireadh Bhliain 1** |
| | | Más maith le ball an phobail labhairt le ball foirne a bhfuil Gaeilge acu, déanfaidh an fhoireann fáiltithe teagmháil leis an duine cuí. | **Leanúnach** |
| | | Beidh baill foirne eolach ar bheannachtaí bunúsacha i nGaeilge. | **Faoi Dheireadh Bhliain 1** |
| | **Lasc-chlár** | Beidh baill foirne eolach ar bheannachtaí bunúsacha i nGaeilge agus beidh siad in ann an glao a aistriú chuig baill foirne eile a bhfuil Gaeilge acu. | **Faoi Dheireadh Bhliain 1** |
| | **Cumarsáid ghutháin leis an bpobal** | Tá an teachtaireacht lasmuigh de ghnáth uaireanta ar ár bhfón i nGaeilge agus i mBéarla. | **Leanúnach** |
| | | Tá an roghchlár ar ár bhfón i nGaeilge agus i mBéarla. | **Leanúnach** |
| | **Fógraí Beo** | Ní úsáideann an Choimisiún fógairtí beo, ach má tharlaíonn a leithéid cinnteofar go bhfuilimid ag comhlíonadh na reachtaíochta. | **Más gá** |
| | **Bileoga Eolais/Bróisiúir** | Cuirfear na bileoige agus na bróisiúir eolais is minice in úsáid ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. | **Faoi Dheireadh Bhliain 2** |

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **Foirmeacha Iarratais** | Cuirfear na foirmeacha iarratais uilig ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. | **Faoi Dheireadh Bhliain 2** |
| | **Eile** | Déanfar na comhairliúchán poiblí a fhógairt i nGaeilge agus i mBéarla. | **Faoi Dheireadh Bhliain 1** |
| **Na Meáin** | **Preaseisiúintí** | Eiseoimid 5% de na preasráitis go dátheangach agus go comhuaineach sa chéad bhliain den chéad scéim agus tógfaimid ar an méid seo ar bhonn bhliantúil. | **5% Bliain 1**<br>**10% Bliain 2**<br>**20% Bliain 3** |
| | **Urlabhraithe na Meán** | Cuirfimid oiliúint ar baill foirne ionas go mbeidh sé/sí in ann idirchaidreamh a dhéanamh leis na meáin Ghaeilge nuair is gá. | **Faoi Dheireadh Bhliain 2** |
| | **Óráidí** | Cuirfear óráidí ar fáil sa teanga nó sna teangacha inar tugadh iad. | **Faoi Dheireadh Bhliain 1** |
| | **Eile** | Ar Twitter, beidh 5% de na teachtaireachtaí Twitter dátheangach, i nGaeilge agus i mBéarla sa chéad bhliain den scéim, ag méadú go 10% sa tríú bhliain den scéim.<br><br>Cuirfear 20% dár Nuachtlitir ar fáil i nGaeilge. | **5% Bliain 1**<br>**10% Bliain 3**<br><br>**Faoi Dheireadh Bhliain 1** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Teicneolaíocht Faisnéise** | **Ríomhphoist** | Beidh an séanadh ríomhphoist, na sonraí teagmhála agus síniú deireadh ríomhphoist dátheangach. | **Leanúnach** |
| | | Freagróidh an Coimisiún aon ríomhphost a fhaightear i nGaeilge sa teanga sin, de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla. | **Leanúnach** |
| | | Tá seoladh ríomhphost i mbun chun plé le hiarratais 'Do Chearta' trí Gaeilge – cearta@ihrec.ie | **Leanúnach** |
| | **Suíomhanna Gréasáin** | Cuirfear an t-eolas statach ar suíomh gréasáin IHREC ar fáil go dátheangach thar na phríomhleathanaigh (leathanaigh lamairne). | **Faoi Dheireadh Bhliain 1** |
| | | Cuirfear modh oibre i bhfeidhm lena chinntiú go gcoinnítear leagan Gaeilge agus leagan Béarla den eolas statach ar an suíomh mar an gcéanna, agus go mbeidh nascanna bailí in úsáid air. | **Faoi Dheireadh Bhliain 1** |
| | **Córais Ríomhaireachta** | Beidh aon córais ríomhaireachta nua a chuirfear isteach ábalta plé leis an nGaeilge. | **Leanúnach** |
| | **Seirbhísí Idirghníomhacha** | Níl aon seirbhísí idirghníomhach ag an gCoimisiún. Má chuirtear aon seirbhísí nua ar bun, cuirfear ar bun iad go dátheangach, más cuí. | **Más gá** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Gaeltacht** | **Cruinnithe** | Tionóltar cruinnithe sa Ghaeltacht go dátheangach agus cuirfear aon cháipéisí breise ar fáil go dátheangach ag an am céanna. | **Más gá** |

# Caibidil 5: Ag Feabhsú Inniúlacht sa Ghaeilge

## 5.1 Earcaíocht

Is é earcú foirne le scileanna cumasacha Gaeilge i ngach réimse d'obair an Coimisiún an príomhbhealach a bheidh ann chun barr feabhais a chur ar infhaighteacht seirbhísí i nGaeilge. Beidh aird ag ár bpolasaí earcaíochta, atá faoi réir an chreata de nósanna imeachta comhaontaithe náisiúnta d'earcaíocht, ar an ngá chun inniúlacht Gaeilge a fheabhsú ar bhonn céimnithe.

## 5.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá Coimisiúin na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas tiomanta deiseanna a chur ar fáil don fhoireann chun freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí, de réir ár n-acmhainní. Cuirfear an fhoireann iomlán ar an eolas faoi áiseanna/dheiseanna chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú.

| | | Gealltanas | Amlíne Laistigh de Bl.1/ Bl.2/ Bl.3 |
|---|---|---|---|
| **Feabhsú ar chumas Gaeilge** | **Earcaíocht** | Tacóidh an Coimisiún le hearcú baill foirne a bhfuil Gaeilge acu. | **Faoi Dheireadh Bhliain 2** |
| | | Fógraítear folúntais de chuid an Choimisiúin i nGaeilge agus i mBéarla agus cuirtear gach eolas d'iarrthóirí ar fáil sa dá theanga sin. | **Leanúnach** |
| | | Cuirfear baill foirne nua ar an eolas maidir leis ár scéim teanga. Tabharfar cóip don scéim teanga dóibh sa phacáiste ionduchtúcháin. | **Ó thús na Scéime** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **Oiliúint** | Déanfar anailís ar riachtanais oiliúna le aithint do bhaill foirne agus cuirfear deiseanna oiliúna agus forbartha Gaeilge ar fáil don fhoireann. Déanfar iarracht na riachtanais oiliúna seo a ionchorprú isteach i bplean oiliúna agus forbartha inmheánach an Coimisiún. | **Faoi Dheireadh Bhliain 3** |
| | **Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn** | Molfar don fhoireann páirt a ghlacadh in imeachtaí cultúrtha, agus scaipfear eolas don fhoireann ar na himeachtaí seo. | **Faoi Dheireadh Bhliain 2** |
| | **Acmhainní a chur ar fáil** | Cuirfear baill foirne ar an eolas faoi acmhainní teanga amhail teanglann.ie, téarma.ie agus foclóir.ie. | **Faoi Dheireadh Bhliain 1** |

## 5.3 Inniúlacht sa Ghaeilge

Ag féachaint do bheartas an Rialtais maidir le soláthar feabhsaithe seirbhísí sa Ghaeilge, sainaithneoidh an Roinn, faoi dheireadh chéad bhliain na scéime, aon phoist dá bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge ina riachtanas. Déanfar gach iarracht na riachtanais sin a chomhlíonadh faoi dheireadh na scéime, ag féachaint, de réir mar is cuí, do pholasaithe earcaíochta, ardú céime agus oiliúna. Cuirfidh an méid sin ar chumas na Roinne feabhsúchán incriminteach na seirbhísí sa Ghaeilge a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta ar bhealach níos straitéisí.

# Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh an fhoireann Seirbhísí Corparáideacha agus an fhoireann Ardbhainistíochta monatóireacht agus athbhreithniú ar an scéim ar bhonn rialta.

Beidh córas foirmiúil ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhísí i nGaeilge agus beidh cuntas ar sin inár dTuarascáil Bhliantúil.

# Caibidil 7: Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Déanfar poibliú inmheánach agus seachtrach ar an scéim seo trí phreasráiteas i dtosach báire. Cuirfimid leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus cuirfear ar fáil í do gach ball foirne agus do na gníomhaireachtaí cuí. Féadfar modhanna eile chun an scéim a phoibliú a úsáid freisin.

Ina theannta sin, tapóimid gach deis inár n-idirghníomhú laethúil le custaiméirí chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil i nGaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú ar na bealaí seo a leanas:

- custaiméirí a chur ar an eolas go díreach, ar bhealach réamhghníomhach, maidir leis an rogha atá acu gnó a dhéanamh linn i nGaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chur ar taispeáint ag an bhfáiltiú a luann na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil;
- na seirbhísí sin a liostú in áit ina mbeidh siad le feiceáil go soiléir ar ár suíomh gréasáin;
- cuirfimid in iúl ar threoirlínte, bileoga eolais agus foirmeacha iarratais ar leith go bhfuil na cáipéisí seo ar fáil i nGaeilge freisin, mura bhfuil siad ar fáil go dátheangach;
- tabharfaimid suntasacht chomhionann d'ábhair Ghaeilge agus Bhéarla.

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.